

NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

16-11-2015

GAELSCOIL NA CAMÓIGE ABÚ!

Tá an pobal scoile an-bhródúil as na peileadóirí ar fad atá tar éis dhá bhua iontach a bhaint amach le déanaí! *We are extremely proud of all of our footballers who have managed to win two titles recently for the school!*



Comhgairdeas an-mhór le foireann na gcailíní ar éirigh leo an bua a fháil sa chluiche ceannais i bPáirc Uí Chrócaigh an 3 Samhain. D'imir siad go láidir is go cróga agus bhí gach éinne an-bhródúil astu. Ár mbuíochas leis na Múinteoirí Olivia agus Donncha a thug an-chabhair is tacaíocht don bhfoireann. *A huge Congratulations to the Girls Football team after winning their final game in Croke Park on the 3rd November. It was a big day for the school and it was great to see such support. We are very proud of the team. Many thanks to Múinteoir Olivia and Donncha for all the work and support they give to the team.*

Comhgairdeas an-mhór freisin le Foireann na mBuachaillí faoi 11 ar éirigh leo an bua a fháil sa Léig i mbliana. Rinne siad diantraenáil agus d'imir siad go láidir agus sciliúil! Tá gach duine an-bhródúil asaibh! Ár mbuíochas leis na Múinteoirí Donncha agus Pól a d'eagraigh an traenáil agus a chaith an-chuid ama ag réiteach na mbuachaillí do na cluichí.



Another huge congratulations to the Boy's Under 11s Football Team, who have managed to win the League this year, training hard and playing with skill and strength. We are very proud of you all! Many thanks to Múinteoir Donncha and also Múinteoir Pól for the training and time spent preparing the boys for their matches.

Beidh Cluiche peile ag cailíní Rang 3 an 27 Samhain tar éis am scoile i gcoinne Scoil Áine. Tuilleadh eolais le teacht ón Múinteoir Olivia. *The Girls Football Team in Third Class will play a match on 27th November after school against Scoil Áine. More information to follow. Go n-éirí libh!*

Rainbows

Seol aon iarratais Rainbows isteach roimh an Aoine, an 20 Samhain, le bhur dtoil. Tá foirmeacha ar fáil ón Múinteoir Jacinta.

Please send in any Rainbows application forms before Friday the 20th November. Forms available from Múinteoir Jacinta.

Cruinniú faoin gCóineartú/ Meeting for Parents of 6th Class

Beidh cruinniú do thuismitheoirí Rang 6 Déardaoin, an 26 Samhain, ag 7.30pm i Séipéal Muire Gan Smál sa sráidbhaile. A thuilleadh eolais le teacht.

There will be a meeting for parents of Sixth Class in preparation for The Confirmation in The Church of the Immaculate Conception at 7.30pm on 26th November. More information to follow.

MS Readathon

Críochnóidh an MS Readathon an 27 Samhain. Caithfear an t-airgead a sheoladh isteach chuig an múinteoir ranga roimh nó ar an dáta sin. *The MS Readathon will finish on 27th November. All monies must be returned to the class teacher on or before that date.*



Seachtain Eolaíochta/ Science Week

Ár mbuíochas le John Mac Lochlainn a thug cuairt ar an scoil Dé Máirt seo caite agus a dhein taispeántas eolaíochta den chéad scoth a thabhairt do pháistí Rang a hAon go Rang a Ceathair. Is tuismitheoir sa scoil é John and táimid an-bhuíoch dó as an am a chaith sé ag taispeáint trialacha eolaíochta do na páistí. Bhaineadar an-thaitneamh go deo as. Ár mbuíochas leis an Múinteoir Oisín a d'eagraigh an chuairt sin. *Many thanks to John Mac Lochlainn who visited the school on Tuesday the 10th and treated the children in First, Second, Third and Fourth Classes to a Science Workshop in the Áras. John is a parent in the school and we appreciated the time spent showing the children lots of exciting scientific experiments. The children had a wonderful time. Many thanks to Múinteoir Oisín who organised the visit.*

Scoil Sábháilteachta Rothaíochta - Cycling Safety School

Thosaigh Rang 5 ag glacadh páirt i scoil rothaíochta gach Máirt ar chlós na scoile. Is féidir leo éadaí spóirt na scoile a chaitheamh fad agus a leanann an cúrsa ar ghaidh.

5th Class are taking part in a Cycling Safety School every Tuesday on the schoolyard. They can wear the school tracksuit for the duration of the course.

Ranganna Feadóige Móire/ Bainseó/ Maindilín Flute/ banjo/ mandolin classes

Beidh Ranganna feadóige móir, bainseó agus maindilín ag tosú an Luan, an 23 Samhain, ag 2.30pm. Is féidir le páistí ó Rang 2 - Rang 6 páirt a ghlacadh sna ranganna. Tá an praghas le cinntiú fós. Tá trí fheadóig, cúig bhainseó agus trí mhaindilín ar fáil ón oifig dos na ceachtanna seo ar chíos íseal. Má tá suim ag do pháiste sna ranganna seo téigh chuig an oifig roimh nó ar 19 Samhain. *I am delighted to say that we are now able to offer the children flute, banjo and mandolin classes. These are available to children from 2nd Class to 6th Class and will take place every Monday at 2.30pm. There are 3 flutes, 5 banjos and 3 mandolins available to rent from the office. The price has yet to be confirmed depending on the amount of children interested. If your child would like to join the class please speak to Éilis in the office on or before this Thursday 19th November. Classes will start on the 23rd November.*

An Snámh / Swimming

Beidh an chéad théarma eile den snámh ag tosú Dé hAoine, an 4 Nollaig. Beidh Rang a 2 & 4 ag dul ag snámh.

The next term of swimming will commence on Friday, 4th December. 2nd & 4th Class will be going swimming. Please don't forget to have a €1 coin in the swimming bag for the locker.

Cumann na Coighthí/ Round Towers

Beidh James Glancy ag déanamh ceachtanna peile leis na Naíonáin, Rang 1 agus Rang 2 idir seo agus an Nollaig. Ár mbuíochas le Cumann na Coighthí as ucht an chabhair seo. *James Glancy will be doing football training with the Infant Classes, First and Second Class between now and Christmas. Many thanks to Round Towers for their support with the football training.*

Ceardlann do Rang 6/ Workshop for Rang 6

Beidh Rang 6 ag glacadh páirt i gCeardlann sa leabharlann, ag déanamh maisiúcháin Nollag, ar 3 Nollaig. *6th Class will be taking part in a Workshop in Clondalkin Library, where they will make Christmas Decorations from recycled materials, on the 3rd December.*

MMR

Beidh an banaltra ag teacht Déardaoin, an 26 Samhain, chun an t-instealladh MMR a thabhairt do na Naíonáin Bheaga.

The nurse will be coming on Thursday 26th November, to give the Junior Infants their MMR injection.



Club Oibre Baile



Thosaigh an chéad théarma eile den Chlub Oibre Baile. Iarrtar ar aon thuismitheoir nár íoc ag an bpointe seo an t-airgead a sheoladh isteach chomh luath is féidir.

The Homework Club has started again. Please send in any outstanding monies as soon as possible. Ní bheidh aon Chlub Oibre Baile Dé Máirt seo, an 17 Samhain, toisc go mbeidh cruinniú foirne ann.

There will be no Homework Club on Tuesday, 17th November, due to a staff meeting.

Tá an dáta don Chóineartú cinntithe.

The date for the Confirmation has been confirmed.

An 13 Aibreán: An Cóineartú - April 13th- Confirmation .

Meabhrúchán/ *Reminder*

Táimid ag bailiú an airgead don halla, rince, gleacaíocht, snámh agus don fheadóg stáin.

Tá costas €30 i gceist do na Naíonáin don bhliain - (halla, rince, spórt)

Tá costas €75 do pháistí Rang a 1 - 6 don bhliain - (halla, rince, spórt, snámh, ceachtanna feadóige stáin).

We are collecting the money for the hall, dancing, gymnastics, swimming and tin whistle now.

The price for the Infants is €30 for the year (hall, dancing, sport).

The price for the 1st-6th Class is €75 for the year (hall, dancing, sport, swimming, and tin whistle lessons).



Please send in any outstanding monies. If you have any problems with this, please do not hesitate to contact the office in confidence.

Eric Dempsey

Beidh Eric Dempsey linn an 24, 25 agus 26 Samhain. Rinne Eric an t-éanbhreathnú leo anuraidh agus bhí gach duine an-tógtha leis. Beidh sé ag déanamh ceardlanna leis na páistí sna seomraí. Beidh costas €1 ann do gach páiste sa scoil. Seol isteach an t-airgead roimh an 20 Samhain le bhur dtoil.

Eric Dempsey will be doing bird watching workshops with the school on the 24th, 25th and 26th November. Eric visited the school last May and the children thoroughly enjoyed his workshop. He will teach the children about birds in Wintertime during this visit. There is a fee of €1 per child. Please send in the €1 by 20th November.

Garchabhair/ *First Aid*

Rinne an fhoireann scoile traenáil Garchabhrach le déanaí le Pulse 8 Training. Bhíomar lán-sásta leis an traenáil agus cur i láthair an traenálaí. Tá Pulse 8 sásta cúrsa dhá uair a chloig a chur ar fáil SAOR IN AISCE do thuistí na scoile. Beidh deis agat scileanna a fhoghlaim faoi CPR/ tachtadh/Luí téarnaimh. Beidh an cúrsa ar siúl Dé Máirt, an 1 Nollaig ag 7.00-9.00pm. Téigh i dteagmháil leis an oifig chomh luath is féidir le d'áit ar an gcúrsa a chinntiú. Beidh boscaí Garchabhrach ar díol ar an oíche freisin. *The staff have recently been trained in First Aid with Pulse 8 Training. We were extremely happy with the training. The training we received is invaluable. Pulse 8 has agreed to deliver a 2 hour course **FREE** of charge to the parents of the school, where you can learn emergency skills such as CPR/Choking/Recovery Position and more. This training will take place on Tuesday 1st December 7.00-9.00pm. Please contact the office asap to secure a place on the course. First Aid kits will also be on sale on the night.*

Cairde

Cairde will be taking names for volunteers for bag packing in The Mill on 4th/5th December 2015. If you wish to volunteer please approach a member of Cairde or send an e-mail or a message on Facebook.

Turas go Imaginosity

Beidh na Naíonáin Mhóra agus Bheaga ag dul go dtí Imaginosity, an 25 Samhain. Beidh Rang 1 agus 2 ag dul ann an 24 Samhain. Is féidir leo lón sláintiúil i mála beag a thabhairt leo agus éadaí spóirt na scoile a chaitheamh.

The Senior and Junior Infant classes are going on a trip to Imaginosity on the 25th November. First and Second Class will go on the 24th November. They will need to bring a healthy lunch in a small bag and must wear the school tracksuit.

Bronnadh na Brataí Náisiúnta ar Ghaelscoil na Camóige ***Delivery of National Flag to Gaelscoil na Camóige***

Agus Éirí amach 1916 le comóradh agus 100 bliain den mBunreacht a cheiliúradh, d'iarr an Rialtas ar Óglaigh na hÉireann Brat Náisiúnta agus cóip den Bhunreacht a bhronnadh ar gach bunscoil sa tír. Tarlóidh an ócáid speisialta seo i nGaelscoil na Camóige an 23 Samhain. I dteannta leis seo, beidh go leor gníomhaíochtaí eile á reachtáil i rith na bliana le 1916 a chomóradh. Tá súil agam go mbainfidh na páistí taitneamh as an mbliain agus go mbeidh cuimhneachán acu a bheidh leo go deo. *In order to commemorate the centenary of the 1916 Rising and to celebrate 100 years since the Proclamation of the Irish Republic, the Government has tasked Óglaigh na hÉireann with delivering a National Flag to every Primary School in the country. We have been informed that the school will be formally presented with a National Flag and a copy of the Proclamation on Monday 23rd November in a special ceremony. There will be plenty of activities arranged throughout the year to commemorate 1916. I hope that it will be a commemoration that the children will enjoy and that the memories will stay with them throughout their lives.*

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide